Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2019**

# Cúram Sláinte agus Sóisialta

Aonad Measúnaithe AS 3
*ag measúnú*
Sláinte agus Folláine

SHC31

**[SHC31]**
**DÉ MÁIRT 14 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceann de na **trí** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(e)**, **2(e)** agus **3(g)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

11819.02

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

1 **(a)** Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas:

Sláinte

[2]

Drochshláinte

[2]

**(b)** Seachas feachtais ar son chur chun cinn na sláinte a reáchtáil, mínigh dhá dhóigh a mbíonn an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (*Public Health Agency*) ag cur le sláinte agus folláine.

1.

[2]

2.

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(c)** Bain úsáid as na ceannteidil thíos le dóigheanna a scríobh síos a dtig le daoine freagracht a ghlacadh as a gcuid sláinte agus folláine féin.

Seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a rochtain

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

Féinabhcóideacht

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(d)** Cur chuige amháin maidir le cur chun cinn na sláinte ná cur chuige an athraithe shóisialta.

Comhlánaigh an tábla thíos le cur síos a dhéanamh ar an chur chuige seo agus a láidreachtaí agus a laigí a mhíniú.

| |
|---|
| Cur síos ar chur chuige an athraithe shóisialta<br><br>[3] |
| Dhá láidreacht a bhaineann leis an chur chuige seo<br>1.<br>[2]<br>2.<br>[2] |
| Dhá laige a bhaineann leis an chur chuige seo<br>1.<br>[2]<br>2.<br>[2] |

[Tiontaigh an leathanach

**(e)** Pléigh an dóigh a ndéanann **aon** fheachtas reatha chothú na sláinte **amháin** de chuid na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí (*Public Health Agency*) a theachtaireacht a chur ina luí ar dhaoine lena chuid cuspóirí a chomhlíonadh.

[9]

**2** Aithnítear go mbíonn réimse éagsúil de thosca socheacnamaíocha, fisiceacha, timpeallachta agus iompraíocha ag dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch an duine.

**(a)** Toisc shocheacnamaíoch amháin ná cultúr agus eitneacht. Mínigh **aon** dóigh **amháin** a dtig leis seo dul i bhfeidhm ar gach ceann de na rudaí seo a leanas.

Sláinte agus folláine fhisiceach

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Sláinte agus folláine shóisialta

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Liostaigh **dhá** thoisc shocheacnamaíocha eile a dtig leo dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine.

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

(c) Tá riochtaí géiniteacha a fhaightear le hoidhreacht ar cheann de na tosca fisiceacha. Ainmnigh **aon** riocht **amháin** den chineál sin agus cuir síos ar an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach agus shóisialta.

Ainm an reachta

_______________________________________________ [1]

An dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

An dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine shóisialta

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(d)** Is toisc timpeallachta é truailliú a dtig leis dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine. Mínigh **dhá** dhóigh a dtiocfadh le truailliú dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(e)** Is toisc iompraíoch í an aclaíocht a théann i bhfeidhm ar gach gné den tsláinte agus den fholláine. Pléigh an dóigh a dtiocfadh le haclaíocht dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine an duine.

[Tiontaigh an leathanach

[12]

**3** Tá Sarah 59 bliain d'aois. Is bainisteoir in ionad sláinte i mBéal Feirste í. Duine gníomhach, cuideachtúil a bhí inti riamh. Ar na mallaibh, tháinig cineál airtrítis uirthi, a dtig leis bheith iontach pianmhar di agus a chuireann isteach go diúltach ar a soghluaiseacht. Tá triúr páistí fásta ag Sarah. Tá míchumas foghlama ar Philip, a mac is óige. Tá seisean ina chónaí sa cheantar i gcóiríocht chónaithe faoi thacaíocht ina bhfuil foireann d'oibrithe cúram sóisialta ag cuidiú le haire a thabhairt don ochtar aosach óg a bhfuil míchumas foghlama orthu atá ina gcónaí ann.

**(a)** Mínigh **dhá** dhóigh a dtiocfadh le drochshláinte Sarah dul i bhfeidhm ar a folláine shíceolaíoch.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Déan measúnú ar éifeachtaí féideartha dhrochshláinte Sarah ar a hioncam agus ar a gníomhaíochtaí fóillíochta.

[6]

**(c)** Chuidigh eagraíochtaí deonacha le Sarah agus le Philip araon. Tugadh faisnéis do Sarah faoina hairtríteas agus tá Philip ina chónaí i gcóiríocht chónaithe faoi thacaíocht atá curtha ar fáil ag eagraíocht dheonach.

Bain úsáid as samplaí le cur síos a dhéanamh ar **dhá** dhóigh eile a mbíonn eagraíochtaí deonacha ag cur le sláinte agus folláine do dhaoine i dTuaisceart Éireann.

Sampla 1

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

Sampla 2

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(d)** Bíonn imní ar Sarah go gcaithfidh Philip déileáil le claontacht. Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma claontacht.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

**(e)** Cuir síos ar **aon** sampla **amháin** den dóigh a ndéanfaí leithcheal ar aosaigh óga a bhfuil míchumais foghlama orthu i suíomh cúram sláinte amhail ionad sláinte nó otharlann.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

**(f)** Cuir síos ar **dhá** dhóigh a dtig le bainisteoir i suíomh cúram sláinte cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn d'úsáideoirí seirbhíse a bhfuil míchumas foghlama orthu.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

[Tiontaigh an leathanach

**(g)** Déan anailís ar an dóigh ar féidir leis an fhoireann sa chóiríocht chónaithe faoi thacaíocht ag Philip a chuid riachtanas a chomhlíonadh.

[12]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

## NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

11819.02/5